



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2017

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíocht agus Sóisialta

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíos a d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCÉIM MHARCÁLA

Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh
- Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha baili eile
- Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

Treoracha d'Iarrthóirí

- Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
- Roinn B** Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt**.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.
- Roinn C** Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **ceist amháin** ar ábhar roghnach a fhreagairt,
ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b)** nó **cuid (c)**.
Tá **80** marc an ceann ag gabháil leis na hábhair roghnacha **1 agus 3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2**.

Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

1. Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

	Fíor	Bréagach
Tá lipidí (sailte) comhdhéanta d'aigéid shailleacha agus de ghliocról.	✓	
Tá an eilimint nítrigin i lipidí (sailte).		✓
Cabhraíonn aigéid shailleacha óimige 3 leis an mbaol an ghalair chroí a laghdú.	✓	

2. Ainmnigh **trí** fhoinse éagsúla de shnáithín sa réim bia. (6)

- (i) *craiceann torthaí; torthaí; glasraí; piseanna; pónairí; lintilí; creatháin mhíne glasraí / torthaí;*
- (ii) *gránaigh slánghráin; arán donn; cnónna; síolta;*
- (iii) *rís donn; pasta donn; etc.*

3. Cuir in iúl le tic (✓) cé acu luach bitheolaíoch ard nó luach bitheolaíoch íseal atá ar na bianna próitéine ar an liosta thíos. (6)

Bianna Próitéine	Luach Bitheolaíoch Ard	Luach Bitheolaíoch Íseal
Uibheacha	✓	
Piseanna		✓
Iasc	✓	

4. Liostaigh **dhá** fheidhm bhitheolaíocha atá ag cailciam. (6)

- (i) *déanamh cnámh agus fiacla láidre; ag teastáil le haghaidh fuilteachtadh;*
- (ii) *riachtanach do ghníomhaíocht einsímí; gnáthchrapadh matán; feidhmiú néaróg; etc.*

Ainmnigh **dhá** fhoinse mhaithe cailciam sa réim bia.

- (i) *cáis; bainne; iógart; iasc stánaithe; glasraí dúghlasa;*
- (ii) *plúr treisithe; arán bán; uisce crua; etc.*

5. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne maidir le bia sláintiúil do mhná atá ag iompar clainne. (6)

- (i) *bíodh aigéad fólach sa réim bia; bianna ina bhfuil go leor próitéine; cailciam; vitimín D; snáithín chun iatacht a chosc; ith arán gan im sula n-éiríonn tú ar maidin;*
- (ii) *méadaigh an méid iarainn, vitimín C agus tiaimín a itheann tú; seachain bianna sailleacha; seachain cáis bhog, paté - mar gheall ar an riosca listéire; uibheacha amha mar gheall ar bhaol an salmonella; seachain bianna spíosracha agus a bhfuil go leor blastanais orthu chun 'dó croí' a chosc; etc.*
- (iii) *ith aigéid shailleacha; laghdaigh an méid salainn a itear; seachain sliogéisc; caith béilí beaga go rialta chun samhnas a mhaolú; etc.*

6. Tabhair **dhá** shampla de bhianna difriúla a bheadh oiriúnach do **gach** ceann de na modhanna cócaireachta seo a leanas. (6)

Modhanna Cócaireachta	Sampla 1	Sampla 2
Gríoscaidh	<i>iasc; ispíní; slisíní bagúin; stéig; gearrthóga uaineola; etc.</i>	<i>trátaí; beacáin; piobair; torthaí ceibeabanna; etc.</i>
Galú	<i>iasc; sicín; etc.</i>	<i>maróg Nollag; rís; torthaí; glasraí; etc.</i>
Róstadh	<i>uaineoil; sicín; mairteoil; muiceoil; turcaí; etc.</i>	<i>prátaí; glasraí; torthaí; etc.</i>

7. Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas faoi ghránaigh a chríochnú. (6)

bran inspeirm príomh stáplacha

Is í an **inspeirm** an pháirt is mó den ghrán agus is inti atá an stáirse.

Is **príomh stáplacha** bhianna iad gránaigh in an-chuid tíortha.

Ceallalós is mó atá sa chiseal ar a dtugtar an **bran**.

8. Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

	Fíor	Bréagach
Cuireann breiseáin bhia le seilfré bianna.	✓	
Tá sé ceadaithe dathúcháin shaorga a chur isteach i mbia naíonán.		✓
Is é reachtaíocht an AE (EU) a rialálann an úsáid a bhaintear as breiseáin bhia.	✓	

9. Luaigh trí shlí ina dtugann an tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980) cosaint don tomhaltóir. (6)

- (i) *ní mór go mbeadh riocht díola ar earraí; go mbeidís feiliúnach dá gcuuspóir beartaithe; go mbeidís faoi mar a thuairiscítear iad; go mbeidís cosúil leis an sampla; ní mór go mbeadh seirbhísí á soláthar ag duine oile; tá an tomhaltóir i dteideal cúitimh; i dteideal deisiú, aiséocaíochta nó athsholáthar earra;*
- (ii) *leagann sé amach na coinníollacha atá ag gabháil le ráthaíocht;*
- (iii) *ní mór go mbeadh dea-chaighdeán ar ábhair a úsáidtear; ní mór an tseirbhís a chur ar fáil le cúram cuí agus le haire chuí; etc.*

10. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phointe ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn teicstílí á roghnú don teach. (6)


- (i) *airíonna na fabraice, e.g. frithsmálta etc.; oiriúnacht na fabraice don chuspóir; costas; na rudaí is maith agus nach maith leis an duine go pearsanta; treochtaí faisin reatha;*
- (ii) *mealltacht aeistéitiúil; cuma; deasaíonn go maith; meáchan; uigeacht; lonrach; dath; patrún; marthanacht; cúram agus glanadh – nigh / tirimghlan; sábháilteacht e.g. lasairmhoillitheach; etc.*

Ainmnigh **dhá** fhabraic a bheadh oiriúnach do theicstílí tí.

- (i) *cadáis; olann; níolón; vioscós; línéadach;*
- (ii) *cadás poileistir; aicrileach; síoda; etc.*

11. Mínigh slí **amháin** a mbaineann an tomhaltóir tairbhe as an lipéad thíos.

(6)



cabhraíonn sé seo le tomhaltóirí fearais a roghnú bunaithe ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh; rátáiltear fearais de réir scála a ghabhann ó A-G, is iad na fearais den ráta A agus B iad sinn is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de; tugann sé eolas faoi idiú fuinnimh; eolas faoi ráta réalta an fhearais; leibhéal torainn; etc.

(www.which.co.uk)

12. Tabhair sampla **amháin** de na cineálacha truaillithe seo a leanas.

(6)


Cineálacha truaillithe	Sampla
Truailliú aeir	<i>deatach ó thinte tí; astuithe ó mhonarchana; CFC; aonocsaíd charbóin; etc.</i>
Truailliú uisce	<i>dramhaíl mhonarchan; séarachas; eisilteach feirme; leasacháin; lotnaidicídí; dramhaíl cheimiceach; fosfáití; etc.</i>
Truailliú torainn	<i>córais cheoil; teilifíseáin; láithreáin tógála; oibreacha bóthair; trácht; lomairí faiche; aláraim tí; aláraim gluaisteáin; etc.</i>

Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile as an roinn seo.

Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceistanna 2, 3, 4 agus 5.

1. ‘**Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte dúinn cúig phíosá torthaí agus glasraí ar a laghad a ithe gach lá.**’
(Suirbhé um Éire Shláintiúil, 2015)



(a) Agus tú ag baint úsáide as an eolas thuas:

- (i) dean trácht ar on táble thuas **agus** tabhair cúis **amháin** a n-itheann mná níos mó torthaí agus glasraí ná fir i **ngach** ceann de na **trí** aoisghrúpa éagsúla. (15)

Trácht: 3 mharc, 3 chúis @ 4 mharc an ceann
(1 tagairt do gach aoisghrúpa)

Bíonn mná níos feasaí ar an tsláinte; níos feasaí ar an meáchan; níos feasaí ar thairbhe chothaithe torthaí agus glasraí; go hiondúil itheann siad níos mó sailéad mar gur beag saill a bhíonn iontu – itear iad mar chuid d’aiste bia atá íseal ó thaobh calraí agus colaistéaróil de; bia a bhfuil go leor vitimín C inti; itear iad mar smailceacha folláine; tá siad sciobtha agus furasta le hullmhú; itheann seanmhná torthaí agus glasraí le hiatacht a sheachaint – tá go leor snáithín iontu; béile saor atá ann; is féidir iad a ithe ámh nó cócaráilte; úsáideann go leor daoine iad le súnna nó creatháin mhíne a dhéanamh; ní chailleann torthaí agus glasraí reoite an iomarca dá gcuid cothaitheach; tá roinnt mhaith ban óg ina bhfeoilseántóirí; táthar feasach ar an ngá le 5-7 phíosá in aghaidh an lae; etc.

- (ii) mol **trí** shlí inar féidir le fir an méid torthaí agus glasraí a itheann siad gach lá a mhéadú. (12)

3 shlí @ 4 mharc an ceann

Ith anraith a dhéantar sa bhaile; ith torthaí agus glasraí in ionad smailceacha milse; ól creatháin mhíne; ith torthaí agus glasraí mar chuid de gach béile; cuir torthaí isteach san arbhar am bricfeasta; déan súnna úra torthaí; cuir torthaí agus glasraí ar phíotsaí; cuir glasraí isteach i gcuraithe, i mBolognese agus i bpióga; bain úsáid as torthaí úra mar mhilseog; cuir torthaí isteach sna boscaí lóin; etc.

(b) Tabhair cuntas ar Vitimín C faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- foinsí sa réim bia

(16)

4 fhoirse @ 4 mharc an ceann

Torthaí citris - oráistí, líomóidí, seadóga; cuiríní dubha; mogóirí róis; sútha talún; piobair; glasraí glasa duilleacha; trátaí; prátaí; úlla; piorraí; cíobhaíonna; piseanna; péacáin phónaire; etc.

- feidhmeanna sa chorp

(8)

2 fheidhm @ 4 mharc an ceann

Cuireann sé bac ar scorbach; aistríonn sé iarann neamh-haeim go hiarann haeim; tógann sé an córas cosanta; cuireann sé bac ar shlaghdáin agus ar an bhfliú; cuidíonn sé le fíochán tacaíochta a dhéanamh; cuireann sé leis an méid collaigine le gortuithe a leigheas; oibríonn sé le vitimín E le galar corónach croí a sheachaint; frithocsaídeoir atá ann; ceaptar go bhfuil ról aige in ailse a sheachaint (scriosann sé saorfhréamhacha); foirmiú fuileadán; cothaíonn sé leaisteachas sa chraiceann; etc.

- iarmhairt na heaspa.

(4)

1 iarmhairt @ 4 mharc

Scorbach; brú craicinn agus cur fola; gortaithe a dtógann sé níos faide orthu a leigheas; ainéime; rití fola; tuirse; slaghdáin agus fliú; droch-chraiceann; etc.

(c) Cuidíonn Vitimín C le hionsú cothaitheach. Ainmnigh ceann **amháin** de na cothaithe seo.

(5)

Ainmnigh: 5 mharc

Iarann; próitéin; cailciam; etc.

(d) Pléigh **ceithre** thoisc ba chóir do thomhaltóirí a chur san áireamh nuair a bhíonn torthaí **agus** glasraí réamhullmhaithe (saoráideacha) á roghnú agus á gceannach acu. (20)

4 thoisc @ 5 mharc an ceann

(1 tagairt don roghnú, 1 tagairt don cheannach móide 2 phointe eile)

Seiceáil an dáta faoinar cheart é a úsáid; costas agus luach ar airgead; orgánach; ceannaigh i méideanna inúsáidte; seachain torthaí agus glasraí a mbíonn drochdhath, brú orthu; ceannaigh an meánmhéid don bhlas is fearr; déan cinnte nach bhfuil an pacáiste oscailte; pacáistiú ar furasta é a oscailt; seiceáil luach cothaitheach an táirge; stóras; teoracha cócaireachta; an t-am a theastaíonn leis an táirge a chócaireacht; inrianaitheacht agus lipéadú; an tír as ar tháinig sé; an bhfuil sé réidh le cur chun boird; éagsúlacht torthaí agus glasraí atá ar fáil, atá i dtráth; ceannaigh ó shiopa atá glan agus sláinteach; tá marc caighdeán an Bhoird Bia air; etc.

2. Tugann club bricfeasta deis do scoláirí an béile is tábhachtaí sa lá a bheith acu. Téann Pól agus Laoise chuig club bricfeasta ina n-iarbhunscoil. Sa tábla thíos taispeántar na béilí a itheann Pól agus Laoise le linn gnáthlá scoile.

Bricfeasta (Club Bricfeasta)	Babhla leite Cartán iógairt Gloine sú oráiste
Sos ar maidin	Criospaí salainn agus finéagair
Lón	Rollóg d'arán bán agus líonadh de leathán seacláide inti Canna d'oráiste súilíneach
Dinnéar	Píotsa cáis agus sceallóga Barra seacláide Gloine bainne

- (a) (i) Déan trácht ar an mbricfeasta a itheann Pól agus Laoise ag an gclub bricfeasta. (8)

Trácht: 2 phointe @ 4 mharc an ceann

Tabharfaidh leite fuinneamh dóibh, cuideoidh sé leo díriú ar an obair scoile; tá próitéin le haghaidh fáis agus deisiú ar fáil in iógart; cailciam d'fhorbairt cnámh agus fiacla; vitimín C agus snáithín sa sú oráiste; is féidir go mbíonn siúcra in iógart, in arbhar bricfeasta agus i sú; bricfeasta folláin atá ann; etc.

- (ii) Tabhair sonraí maidir le **trí** fhadhb a bhaineann leis an réim bia a d'fhéadfadh teacht chun cinn má leanann Pól agus Laoise ar aghaidh ag ithe na mbéilí thuasluaite don sos ar maidin, don lón agus don dinnéar. (12)

3 fhadhb a bhaineann leis an réim bia @ 4 mharc an ceann

Rómheáchan; otracht; galar corónach croí (CHD); meath na bhfiacla; hipirghníomhaíocht; iatacht; ainéime; diaibéiteas; oistéapóróis; aicne; saint siúcra; ardbhrú fola; etc.

- (b) Mol biachlár eile do Phól agus Laoise don sos ar maidin, don lón **agus** don dinnéar. (15)

Sos ar maidin = 3 mharc, Lón = 6 mharc, Dinnéar = 6 mharc

Sos ar maidin: úll; cartán iógairt; torthaí measctha; etc.

Lón: rolla aráin dhoinn le sicín & sailéad; fillteog tuinnín agus arbhair mhilis; bainne / uisce / creathán mín torthaí; etc.

Dinnéar: anraith glasraí de dhéantús baile; lasáinne & sailéad; spaigití Bolognese, curaí sicín le rís; sailéad torthaí; mionbhruar úll; uisce / bainne / tae / caife; etc.

- (c) Pléigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar na roghanna bia a dhéanann scoláirí in iarbhunscoileanna. (15)

3 thoisc @ 5 mharc an ceann

Rogha phearsanta; costas; feasacht chothaitheach; fógraíocht; comhpháirtithe; stádas sláinte; ailléirgí; leibhéal gníomhaíochta; réimse bia atá ar fáil – ceaintín scoile, meaisíní díola; áit a bheith ar fáil le bia a ithe; áiseanna le bia a atéamh; rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt; cláir bia shláintiúil / polasaí scoile ar bhia sláintiúil; etc.

3. 'Caitheann do Bhúistéir Ceirde leis an bhfeoil mar tháirge ardchaighdeán agus beidh sé lánsásta leideanna cócaireachta a thabhairt dá chustaiméirí agus comhairle a chur orthu maidir le feoil a stóráil.' (www.craftbutchers.ie)

- (a) Tabhair cuntas (i) ar luach cothaitheach agus (ii) ar luach diaitéiteach na feola. (20)

4 phointe @ 5 mharc an ceann

(1 tagairt do luach cothaitheach, 1 tagairt do luach diaitéiteach, móide 2 thagairt eile)

Cothaitheach: Próitéin HBV; saill sháithithe; gan aon charbaihiodráit; grúpa vitimín B; vitimín A agus D san ae; easnamh vitimín C; iarann i bhfeoil dhearg; méideanna beaga sulfair, since, potaisiam; etc.

Diaitéiteach: foinse iontach próitéine d'fhás agus do dheisiú chealla an choirp; saill sháithithe – a chuireann teas agus fuinneamh ar fáil; ard ó thaobh colaistéaróil de - ba chóir do dhaoine le CHD í a sheachaint; deacair í a dhíleá; cuir chun boird le bia carbaihiodráite e.g. arán, pasta nó prátaí; iarann haeim ionsúite go héasca; tábhachtach do mhná atá ag iompar clainne, do pháistí, do dhéagóirí agus do mhná atá i mbun míostrú go háirithe; etc.

- (b) Tabhair breac-chuntas:

- (i) ar na slite a dtéann an chócaireacht i bhfeidhm ar an bhfeoil
(ii) na treoirínte maidir le feoil a stóráil. (16)

2 tagairt ar na slite a dtéann an chócaireacht @ 4 mharc an ceann

Déantar an phróitéin a théachtadh; éiríonn sí cruá; laghdaíonn sí mar gheall ar chaillteanas súnna feola; leáitear an tsail; déantar geilitín de chollaigin; snáithíní feola bheith tairisceana; déantar iad níos éasca a dhíleá; cailtear vitimíní atá intuaslagtha in uisce; scriostar baictéir; athraíonn an dath; éiríonn an blas níos fearr; má dhéantar feoil a róchácaireacht éiríonn sí dodhíleáite; etc.

2 tagairt don stóráil @ 4 mharc an ceann

Cuir sa chuisneoir í; tóg amach ón bpacáistiú í; cuir ar phláta í; clúdaigh le scannán cumhdaithe í; cuir feoil ámh thíos faoi fheoil chócaráilte, nó faoi tháirgí feola cócaráilte, le traséilliú a sheachaint; bain úsáid as taobh istigh de 2-3 lá; má bhíonn sé i gceist agat í a reo cuir sa reoiteoir í an lá céanna a gceannaíonn tú í; coinneigh feoil atá folúsphacáilte sa phacáistiú go mbeidh tú réidh lena húsáid; etc.

- (c) Mínigh dhá chúis a mbíonn feoil righin agus ainmnigh dhá mhodh éagsúla le feoil a dhéanamh bog. (14)

2 chúis @ 4 mharc an ceann

Aois; bíonn snáithíní matáin níos faide, níos tibhe ag ainmhithe níos sine; níos mó fíochán tacaíochta; bíonn na codanna gníomhacha den ainmhí níos righne, e.g. muineál agus cosa; an chaoi a gcaitear leis an ainmhí roimh agus i ndiaidh an mharaithe; etc.

2 mhodh @ 3 mharc an ceann

Roimh an marú tabhair instealladh le heinsímí próitéalaíocha dó; miontóireacht; bualadh le casúr feola; tolladh le snáthaidí; croitheadh le maothóir feola roimh chócaireacht; modhanna fada malla taise cócaireachta, e.g. stobhadh; maranáidiú; etc.

4. Déantar cuisneoirí a dhearadh le bia a choimeád úr agus le cuidiú chun cur amú bia a laghdú.

- (a) Pléigh **ceithre** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn cuisneoir á roghnú do theaghlach. (20)

4 thoisc @ 5 mharc an ceann

Costas tosaigh; costas reatha; ainm branda; méid; éifeachtúlacht fuinnimh; fáil ar spás; dath; sábháilteacht; dearadh; tógáil; marthanacht; éascaíocht úsáide; éascaíocht glanta; fad urrúis; fáil ar chreidmheas; seirbhís iardhíolta; díoltóir creidiúnach; etc.

- (b) Leag amach na torthaí ar staidéar a rinne tú ar fhearas cuisniúcháin.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- cineál an fhearais chuisniúcháin (20)

1 chineál @ 2 mharc

Caighdeánach faoin gcuntar; cuisneoir lardrúis; cuisneoir/reoiteoir; cuisneoir Meiriceánach; stíl reitreo; cineál comhtháite; etc.

- treoirlínte a bhaineann lena úsáid

3 threoirlíne @ 4 mharc an ceann

Lean treoracha an déantóra; ná hoscail an doras mura mbíonn gá leis; déan bia a fhuarú roimh ré; clúdaigh bia ionas nach n-éiríonn sé tirim; déan bia ámh agus bia cócaráilte a stóráil ina n-aonar le traséilliú a sheachaint; bí ag sealaíocht le bia; déan bia a dhíreo sa chuisneoir; lig d'aer dul timpeall an bhia; ná cuir an iomarca ann; suigh é i bhfad ó fhoinsí teasa; déan é a dhíreo go rialta; nigh an taobh istigh le sóid aráin; ná bain úsáid as oibreáin ghlanta a bhfuil boladh láidir orthu; seiceáil agus glan séala an dorais go rialta; etc.

- na gnéithe nua-aimseartha.

2 ghné @ 3 mharc an ceann

Díreo uathoibríoch; saor ó shioc; cuisniúchán criosach; fuarú cumhachta; tarraiceán le smachtú bogthaise; dáileoir deochanna; déantóirí agus dáileoirí oighir; doras comhtháite; éagsúlacht dathanna; taispeáint dhigiteach teochta; soilsiú LED; seilfeanna do bhuidéil arda agus le geataí; clúdach frith-bhaictéarach; cumraíocht solúbtha; etc.

- (c) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse eolais do thomhaltóirí atá ar fáil nuair a bhíonn fearais tí á gceannach acu. (10)

2 fhoinse @ 5 mharc an ceann

Irisí; nuachtáin; cláir theilifíse agus raidió; cúntóirí díolacháin; fógraíocht; bileoga; lipéid; ó bhéal go béal; idirlíon; lipéad éifeachtúlachta fuinnimh; etc.

5. Tá an teaghlach ar cheann de na hinstiúidí is tábhachtaí inár sochaí, agus tá athrú ó bhonn tagtha air taobh istigh de thréimhse an-ghairid.

(a) Déan cur síos ar **gach** ceann de na struchtúir theaghlaigh seo a leanas:

- teaghlach núicléach **1 phointe @ 6 mharc**
- teaghlach sínte **1 phointe @ 6 mharc**
- teaghlach cumaisc **1 phointe @ 6 mharc** (18)

Teaghlach núicléach: tuismitheoir / tuismitheoirí agus a gcuid páistí; ag cónaí in aonad neamhspleách; roinntear tascanna go hiondúil; oibríonn an bheirt tuismitheoirí; soghluaiste; is féidir leo bogadh go héasca ó áit go háit; líon beag páistí go hiondúil; neamhspleách, etc.

Teaghlach sínte: tuismitheoirí, páistí, seantuismitheoirí, aintíní, uncailí agus gaolta; go léir ina gcónaí i gheall ar chomh gar dá chéile; oibríonn baill le chéile go minic mar aonad geilleagrach; idirspleách; ról faoi leith ag fir agus ag mná; etc.

Teaghlach cumaisc: bhí duine nó an bheirt pháirtithe sa chaidreamh pósta cheana; tugann siad páiste ó chaidreamh roimhe seo leo; tarlaíonn sé de ghnáth mar gheall ar athphósadh; d'fhéadfadh sé tarlú freisin nuair a fhaigheann céile bás; etc.

(b) Pléigh **trí** shlí inar athraigh na ról inscne sa teaghlach nua-aimseartha. (15)

3 shlí @ 5 mharc an ceann

Tá an bheirt tuismitheoirí ag obair; b'fhéidir gurb é an t-athair príomhchúramóir na leanaí; is beag más aon deighilt a déantar idir cúraimí an fhir agus na mná; déantar na cinntí go daonlathach; bíonn na ról cothrom – mná ag garraíodóireacht, fir i mbun obair tí; póstaí / tuismitheoireacht comhghnéis; níl sé chomh steiréitipiciúil; etc.

(c) Tabhair cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach uacht a dhéanamh.
Tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné thábhachtacha a bhaineann le huacht bhailí. (17)

1 chúis @ 5 mharc

Cúis: leagtar síos cad is mian leis an duine go ndéanfaí lena eastát tar éis a bháis; cinnteoidh seiceadóir go dtabharfar urraim do mhianta an té nach maireann; má fhaigheann duine bás gan uacht a fhágáil rachaidh cuid mhór den eastát chuig an stát; faigheann cibé duine is mian leis an té nach maireann an mhaoín; is féidir cáin oidhreacht a laghdú do chleithiúnaigh; socruithe caomhnóireachta do leanaí má tá an bheirt tuismitheoirí ar shlí na fírinne; etc.

3 ghné @ 4 mharc an ceann.

Atur na a cheapadh; seiceadóir a roghnú lena chinntiú go bhfreastalófar ar gach iarratas maidir leis an uacht; **sínte** agus dátaithe i láthair beirt **fhinnéithe**; coinnithe in áit shábháilte e.g. leis an atur na nó sa bhanc; caithfidh duine a bheith **os cionn 18 mbliana déag**; duine **slánmheabhrach**; caithfidh sí a bheith i bhfoirm **scríbhinne**; liosta iomlán sócmhainní; roinnt sócmhainní / airgid; liosta tairbhíthe; socruithe sochraide; etc.

Roinn C

Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.

1.(a) Taispeántar thíos samplaí de stíleanna tithíochta in Éirinn.



(www.google.com)



(www.plan-a-home.ie)



(www.seandaly.com)

- (i) Pléigh **ceithre** thoisc a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an rogha stíl tithíochta a dhéanfaidh lánúin óg. (20)

4 thoisc @ 5 mharc an ceann

Plean oscailte; teach sraithe; bungaló; scoite; árasán; leathscote; suíomh; infhaighteacht; aois na leanaí; slí mhaireachtála an teaghlaigh; méid an tí; líon na seomraí codlata; gairdín; spás páirceála; ball teaghlaigh a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici; rogha phearsanta; éifeachtúlacht fuinnimh an tí; seanfhoirgneamh nó foirgneamh nua; praghas; etc.

- (ii) Ainmnigh modh inslithe **amháin** a mholfá do **gach** ceann de na limistéir seo a leanas sa teach **agus** déan cur síos air: (15)

3 phointe @ 5 mharc an ceann

Ainmnigh: 2 mharc, Cur síos: 3 mharc (tagairt amháin do gach modh)

- an t-áiléar

pluid snáithíní: snáithínghloine, olann nó mianra; a chuirtear idir giarsaí; etc. **líonadh scaoilte:** millíní polaistiréine nó veirmicilíte; a dhoirtear isteach idir giarsaí; etc. **cúirinsliú:** cúir a spraeáiltear idir an díon agus na rachaí; etc. **insliú snáithín shéidte:** séidtear snáithíní gloine, mianra nó ceallalóis isteach san áiléar agus séalaítear iad; etc.

- na ballaí

cuasbhallaí: dhá shraith de bhloic, 5-10 cm óna chéile, gníomhaíonn an t-aer sa spás mar inslitheoir, is féidir leatháin pholaistiréine a chur isteach ag an gcéim thógála; pumpáiltear cúir nó feirbíní polaistiréine isteach sa chuas; etc. **ballaí soladacha:** tirimlíneáil le haghaidh ballaí taobh istigh; ballaí seachtracha – greamaítear leatháin inslithe de na bataí agus clúdaítear iad le sraith plástarchláir; etc.

- na fuinneoga.

déghloinithe nó tríghloinithe: dhá leathán gloine le spás aeir eatarthu, is féidir an spás a líonadh le triathghás e.g. argón; cinntíonn gloine lena ngabhann astaíochas íseal nach seoltar an oiread teasa amach; etc. **cúirtíní:** líneáilte go trom, réamhfheistithe; etc.

- (iii) Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le teach a bheith inslithe go maith. (15)

3 bhuntáiste @ 5 mharc an ceann

Laghdaítear billí teasa; cuireann sé cosc ar thorann; coinnítear teocht chompordach an t-am ar fad; laghdaítear an úsáid a bhaintear as acmhainní fuinnimh; etc.

agus

1.(b) Is uirlis chumhachtach é an dath a úsáidtear sa dearadh le teach álainn a chruthú.

- (i) Mínigh conas is féidir úsáid a bhaint as an dath le hatmaisféar a chruthú in dteach teaghlaigh. (15)

3 phointe @ 5 mharc an ceann

Cruthaíonn dath gorm agus dath glas atmaisféar fuar i seomra; ba cheart dathanna teo a úsáid i seomraí a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh áit nach dtagann mórán solais lae; is féidir seomraí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas a mhaisiú le dathanna fuara; caitheann dathanna éadroma solas amach agus cuireann siad cuma níos mó ar sheomraí; is féidir dath codarsnachta a úsáid chun aird a tharraingt ar ghné-bhalla; meastar go bhfuil dathanna geala agus ar dhath an uachtair neodrach; is féidir le dathanna teo cuma níos lú agus níos teolaí a chur ar sheomra; cruthaíonn pastail atmaisféar ciúin agus suaimhneach; is féidir leo gné 3D a thabhairt do sheomra; etc.

- (ii) Mol **dhá** bhogfheisteas a chuirfeadh leis an gcuma atá ar sheomra suite a maisíodh le déanaí. Tabhair cúiseanna le do rogha. (15)

2 bhogfheisteas tí @ 4 mharc an ceann

1 chúis @ 4 mharc an ceann, 1 chúis @ 3 mharc an ceann

Bogfheistis tí: cuirtíní; scaipchúisíní; dallóga; rugaí; fallaingí; scáthlán lampa; clúdaigh do thaca uillinne; málaí suí; etc.

Cúiseanna: cruthaítear uigeacht; dath; compord; cuirtear cruth 3D le seomra; cuirtear príobháideachtas le háit; tugtar insliú; cuirtear le maisiúchán agus le hatmaisféar an tseomra; etc.

nó

1.(c) 'Is fuinneamh cumhachtach ilfheidhmeach é an leictreachas ach is féidir leis a bheith dainséarach mura mbaintear úsáid as mar is ceart.' (www.esbnetworks.ie)

- (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne maidir le leictreachas a úsáid go sábháilte sa teach. (15)

3 threoirlíne @ 5 mharc an ceann

Ná measc leictreachas agus uisce riamh; ná húsáid fearais leictreacha sa seomra folctha mar sin ach amháin soicéid do rásúir; seachain an iomarca úsáide a bhaint as cuibheoirí agus cáblaí sínidh; ná ceannaigh ach fearais leictreacha ar a bhfuil comharthaí sábháilteachta aitheanta; seachain fleisceanna sraoilleacha; seiceáil blaincéid leictreacha le feiceáil nach bhfuil siad caite; díphlugaíl fearais roimh iad a ghlanadh; ná luchtigh fóin agus ríomhairí thar oíche; coinnigh téitheoirí leictreacha amach ó chuiríní; etc.

- (ii) Mol cineál **amháin** soláthar fuinnimh (seachas an leictreachas) don teach. Tabhair cúiseanna le do rogha. (15)

Cineál: 5 mharc, 2 chúis @ 5 mharc an ceann

Cineál: gás; ola; breosla soladach, gual, móin, adhmaid, bithmhais; grian; gaoth; cumhacht uisce; geoteirmeach; etc.

Cúiseanna: téann an teach agus an t-uisce; glan; éifeachtúil; neamhdhíobhálach don chomhshaol; is féidir é a úsáid i gcomhair cócaireachta; gineann leictreachas; úsáideann acmhainní áitiúla; etc.

Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.

2.(a) Is ócáid an-tábhachtach é damhsa na ndeibheanna i saol go leor déagóirí.



(www.debs-suits-online.com)



(www.debs-dresses-online.com)

(i) Déan trácht ar oiriúnacht na bhfeisteas do dhamhsa na ndeibheanna a thaispeántar thuas. Déan tagairt dóibh seo:

- cruth **2 phointe @ 3 mharc an ceann**
- comhréir **2 phointe @ 3 mharc an ceann**
- gnéithe dearaidh **2 phointe @ 3 mharc an ceann** (18)

Culaith - cruth: cos chaol sa treabhsar; breathnaíonn an fear níos airde nuair a chaitheann sé seaicéad gearr; treabhsar le básta ard; etc. **comhréir:** bástchóta i gcomhréir leis an seaicéad; etc. **gnéithe dearaidh:** ciarsúr den dearadh céanna sa phóca; ceithre chnaipe ar an mbástchóta ag luí isteach le cnaipí atá beagán níos mó ar an seaicéad; an carbhat agus an ciarsúr ag meaitseáil; etc.

An gúna - cruth: feileann gúna duine a bhfuil a cuid corróga leathan; líne scáthchrutha láidir; tugann an V-mhuineál cruth baineann don ghúna; tugann an muineál cuartha cruth bog dó; cuireann an sciorta fillte leithead leis; cruthaíonn an chabhail feistithe éifeacht thanaithe; etc. **comhréir:** tá an sciorta fada fairsing agus scuabach agus déarfá go bhfuil an bhean ard sa sciorta sin; bogann na súile go mall feadh líne chuartha an ghúna; etc. **gnéithe dearaidh:** codarsnacht dheas idir na péarlaí agus dath an ghúna; gúna deas slachtmhar; compordach; tá sé éasca bogadh sa sciorta; etc.

(ii) Mol oiriúint **amháin** a d'fhéadfá a chur le ceachtar den dá fheisteas thuas chun iad a fheabhsú. Tabhair cúis le do rogha. (7)

1 oiriúint @ 3 mharc, 1 chúis @ 4 mharc

An Fear: lúibíní cufa le dul lena chulaith; carbhat ar an dath céanna chun a chulaith nó léine a mheaitseáil; carbhat cuachóige ar dhath eile, le cruth éagsúil difriúil a thabhairt don chulaith; pionna cába le dhul lena chulaith; etc.

An Bhean: mála coirnéach ar dhath eile; beilt ar dhath eile; seál pashmina i ndath pastail difriúil chun sraith eile a thabhairt don fheisteas; bráisléad péarlaí chun an mhuince a mheaitseáil; mála le haghaidh éadaí tráthnóna; etc.

agus

2.(b) 'Tá snáithíní nádúrtha san fhaisean agus is iad na snáithíní seo a roghnaíonn cuid mhór dearthóirí óga.' (www.wildfibres.co.uk)

- (i) Déan snáithíní nádúrtha a aicmiú **agus** tabhair sampla **amháin** i ngach aicme acu. (8)

Aicmiú: 2 @ 2 mharc an ceann, Samplaí: 2 @ 2 mharc an ceann

Ainmhí: olann, síoda; etc.

Planda: cadás; línéadach; cnáib; siúit; etc.

- (ii) Ainmnigh tástáil **amháin** le snáithín nádúrtha a aithint **agus** déan cur síos uirthi. (7)

Ainmnigh: 3 mharc, Cur síos: 4 mharc

Tástáil dó:

Cur Síos: gearr píosa beag snáithín ón éadach, coinnigh é le pionsúirín os cionn pláta beag lasairdhíonach; le cipín solais nó lastóir toitín; ní bheidh na snáithíní le haithint ach amháin le boladh an deataigh a thagann uaidh ag dó agus dónn an luaithreach nó na feirbíní leáite a bhíonn fágtha tar éis dó dó; etc. lasfaidh **cadás** nuair a lastar é, ní bhíonn aon fheirbíní leáite fágtha agus bíonn sé ag lonrú tar éis dó; bíonn an deatach idir liath agus gheal agus bíonn an luaithreach mín agus bog; etc. Is snáithín ceallalóis é **línéadach** agus tógfaidh sé níos faide é a lasadh; is furasta é a mhúchadh trí shéideadh air; etc. is snáithín próitéine é **síoda** a dhónn go mall; bíonn sé ag giosáil agus lúbann sé siar ón lasair; fágann sé feirbín dorchá ar féidir brúisc a dhéanamh de; múchann sé féin agus fágann sé luaithreach atá dorchá, ina ghreanach, phúdar mín; tá an boladh atá uaidh cosúil le gruaig dhóite nó feoil dhóite; is beag deatach a thagann as; etc. is snáithín próitéine í **olann** a dhónn go mall; bíonn sí ag giosáil agus lúbann sí siar ón lasair agus d'fhéadfadh sí lúbadh ar ais ar an ingne; fágann sí feirbíní atá briosc, dorchá agus ar féidir iad a bhrú go héasca; múchann sí í féin agus fágann sí luaithreach géar ón bhfeirbín brúite; tagann boladh láidir ar nós cleití nó gruaig dhóite uaithi; tagann deatach dorchá uaithi agus múch measartha; etc.

nó

2.(c) Tá tionscal ollmhór faisin cruthaithe ag dearthóirí faisin san 21ú haois.

- (i) Ainmnigh dearthóir faisin Éireannach **amháin agus** déan trácht ar an ionchur a bhí aige / aici i bhfaisean na hÉireann. (6)

Ainmnigh: 3 mharc, Trácht: 3 mharc

Úsáideann John Rocha éadaigh Éireannacha chun dearáí sainiúla Ceilteacha a chruthú; etc. chruthaigh Louise Kennedy dearadh le haghaidh uachtarán roimhe seo, béim ar shonraí; etc. is fear déanta hataí do réaltaí is lucht ríochais é Philip Treacy; etc. úsáideann Paul Costelloe éadaigh agus dearáí traidisiúnta na hÉireann; etc. dearann Orla Kiely raon oiriúntas le dearadh duilleoige atá mar thrádmharc aici; etc. tá raon éadaí tráthnóna ag Helen Cody; etc.

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** nós faisin atá coitianta faoi láthair i measc déagóirí. (9)

3 nós @ 3 mharc an ceann

Bristí géine le cosa tanaí; seaicéid phíolóta ar dhath miotail; léinte aclaíochta le muineál ciorclach ar dhath éadrom; seaicéid lonracha; scaifeanna; deinim stróicthe; seodra trom; bristí géine agus bróga dearthóirí; etc.

Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a)** agus **3(b)** nó **3(c)** a fhreagairt.

- 3.(a)** 'Ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta tháinig méadú de níos mó ná 100,000 duine ar líon na ndaoine atá beo bocht in Éirinn. Sa lá atá inniu ann, tá níos mó ná 750,000 duine beo bocht in Éirinn.'

(www.socialjustice.ie 2016)

- (i) Sainmhínigh *bochtaineacht*. (6)

Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas:

- bochtaineacht choibhneasta
- bochtaineacht iomlán. (12)

Sainmhíniú: 6 mharc

Bochtaineacht: gan dóthain bia, éadaí nó foscaidh a bheith ag duine; ní leor ioncam agus acmhainní agus ní thugann siad deis dó caighdeán maireachtála sách maith atá inghlactha i sochaí na hÉireann a bheith aige; beagán saibhris nó gan aon saibhreas; gan dóthain ioncaim agus acmhainní rud a d'fhéadfadh daoine a eisiámh agus a imeallú agus gan é in ann a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a nglacann daoine eile leo mar ghnáthrudai sa tsochaí; etc.

Bochtaineacht choibhneasta: 6 mharc

A bheith i do chónaí faoin gcaighdeán maireachtála bunúsach nó mar a fheictear é sa tsochaí; a bheith ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta a sainítear mar 50% d'ioncam an teaghlaigh ar an meán; nuair nach bhfuil duine in acmhainn cóta maith uiscédhíonach a cheannach; 2 phéire mhaithe bróg; dóthain teasa; béile ina bhfuil feoil nó iasc gach dara lá ar a laghad; cuireann an caighdeán maireachtála cosc ar dhaoine a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a fheictear mar ghnáthghníomhaíochtaí sa tsochaí; etc.

Bochtaineacht iomlán: 6 mharc

Gan dóthain bia, éadaí, teasa nó foscaidh ag duine; ag streachailt leis an saol agus gan aon bhealach inmharthana ag duine chun an fhadhb a réiteach; b'fhéidir go bhfuil daoine gan dídean in Éirinn ag maireachtáil faoi bhochtaineacht iomlán; etc.

- (ii) Ainmnigh trí ghrúpa daoine atá i mbail na bochtaineachta agus luaigh an tionchar a bhíonn ag an mbochtaineacht ar **gach** grúpa díobh. (18)

3 ghrúpa @ 3 mharc an ceann, 3 thionchar @ 3 mharc an ceann

Daoine aosta: d'fhéadfaidís a bheith ina gcónaí i gcóiríocht faoi bhun an chaighdeáin a bheadh daor le téamh; tinneas; míchothaithe; etc. **daoine dífhostaithe:** ní leor na híocaíochtaí stáit chun freastal ar riachtanais - bia, éadaí, etc.; sáinn na bochtaineachta; dulagar; fadhbanna cairdrimh; etc. **tuismitheoirí aonair:** ní leor an sochar stáit – gan a bheith in ann rochtain a fháil ar oideachas; riachtanais chúraim leanaí; andúil; etc. **oibrithe ar phá íseal:** ar an íosphá ach gan iad i dteideal aon tacaíochtaí stáit go minic; níl siad in ann tacú leis an teaghlach mar gheall ar acmhainní a bheith gann; fiacha; etc. **dídeanaíthe / mionlaigh eitneacha:** easpa scileanna / cáilíochta; etc. **daoine faoi mhíchumas/ar a bhfuil tinneas fadtéarmach:** ní féidir leo dul ag obair mar gheall ar riocht sláinte; ní leor na tacaíochtaí stáit; etc. **feirmeoirí beaga / teaghlaigh faoin tuath:** bíonn an t-ioncam ó thalmhaíocht go minic i bhfad faoi thairseach na bochtaineachta; ní féidir le feirmeoirí íocaíochtaí a rochtain toisc go bhféadfaí a rá go bhfuil siad saibhir ó thaobh sócmhainní de; dulagar; aonrú sóisialta; etc. **baill den lucht siúil:** drochthithíocht; fadhbanna sóisialta; etc. **daoine gan dídean:** aonrú; drochshláinte; etc. **leanaí:** féinmheas íseal; etc.

- (iii) Ainmnigh eagraíocht dheonach **amháin** a chuireann tacaíocht ar fáil do dhaoine atá i mbaol na bochtaineachta **agus** tabhair sonraí fúithi. (14)

Ainmnigh: 2 mharc, Sonraí: 3 phointe @ 4 mharc an ceann

Naomh Uinseann de Pól: cruinníonn siad airgead trí bhailiúcháin ag geataí na séipéal, siopaí carthanais, díolacháin earraí; soláthraíonn siad cúnamh airgeadais do dhaoine atá i ngátar sa phobal áitiúil, cabhraíonn siad le billí a íoc; leabhair scoile, éidí scoile a cheannach; soláthraíonn siad teagmháil phearsanta; tugann na baill cuairt ar theaghlaigh i ngátar ina gceantar; déanann siad obair tí, garraíodóireacht, siopadóireacht do dhaoine aosta; soláthraíonn siad tithíocht, sosanna saoire, clubanna obair baile; etc.

Clann Shíomóin: cuireann siad tacaíocht agus cóiríocht éigeandála ar fáil do dhaoine atá gan dídean nó atá i mbaol easpa dídine; tithe anraith; roghanna chun an andúile a leigheas; cuireann siad cúnamh ar fáil ó thaobh bia agus éadaí de; soláthraíonn siad seirbhísí comhairleoireachta agus oideachais; etc.

Focus Ireland: saothraíonn siad chun dul i ngleic le bochtaineacht agus leis an easpa dídine agus chun í a chosc; soláthraíonn siad oiliúint i scileanna pearsanta agus saoil; faisnéis ar dheiseanna fostaíochta; soláthraíonn siad siopa caife buail isteach, cóiríocht; etc.

Club na Leon; Cumann Rotary; etc.

agus

3.(b) Caitheann duine cuid mhór dá shaol ag obair.

- (i) Déan plé ar **thrí** thoisc a théann i bhfeidhm ar dhearcadh duine ar a chuid oibre. (15)

3 thoisc @ 5 mharc an ceann

Cúlra baile; eitic oibre a thaispeáin na tuismitheoirí; grúpa socheacnamaíoch; b'fhéidir nach bhfuil ionchais arda ag cúlra díothaithe; leibhéal oideachais; sástacht bhunúsach poist; sástacht sheachtrach poist; féinmhuinín; dálaí oibre; etc.

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar an tairbhe a bhaineann siad seo as obair dheonach:

- an duine aonair
- an pobal.

(15)

3 thairbhe @ 5 mharc an ceann

(1 tagairt don duine aonair, 1 tagairt don phobal, móide 1 tagairt eile)

Duine aonair: spreagann spéis agus cruthaitheacht; sástacht a bhrath; feabhas ar fhéinmhuinín; braistint gnóthachtála; díocas a shásamh; feabhas ar fheidhmíocht; sástacht phearsanta; rud le déanamh i rith am saor; cruthaíonn caidreamh sóisialta; etc.

Pobal: feasacht maidir le saincheisteanna áirithe sa phobal; tugann scileanna nua sa réimse; tugann seirbhís gan aon mhaoiniú e.g. na Samáraigh; cothaítear braistint muintearais idir comharsana; cuirtear seirbhísí ar fáil don phobal ar chostas íseal; etc.

nó

3.(c) 'Is céim fhíorthábhachtach spreagúil de shaol linbh í an luath-óige. Is ag an am sin a fhoghlaimíonn siad an oiread sin fúthu féin, faoi dhaoine eile, agus faoin saol mómórtimpeall orthu.' (www.limerickchildcare.ie)

- (i) Ainmnigh **dhá** rogha réamhscoile do leanaí atá ar fáil do thuismitheoirí agus tabhair sonraí fúthu. (15)

Ainmnigh: 1 @ 4 mharc, 1 @ 3 mharc;

Sonraí: (2 phointe @ 2 mharc an ceann) x 2

Grúpaí súgartha agus naíonraí: á reáchtáil sa phobal nó go príobháideach; ag obair ar feadh 3-4 uair an chloig gach lá; ag freastal ar leanaí idir 3-5 bliana d'aois; tugann clár réamhscoile pleanáilte; tairgeann timpeallacht spreagtha; etc.

Tionscadal réamhscoile Tús Luath: clár bliana a thairgtear faoin scéim DEIS; dírithe ar leanaí idir 3-4 bliana d'aois a bhfuil an baol ann nach n-éireoidh leo i gcúrsaí oideachais; cuireann múinteoir bunscoile agus cúntóirí an t-oideachas ar fáil; bíonn na ranganna ar siúl ar maidin; etc.

Naíolann: foireann láncháilithe; d'fhéadfadh sé a bheith á reáchtáil sa phobal nó go príobháideach; d'fhéadfadh sé a bheith béal dorais le hionad oibre; cuireann áiseanna bia, codlata, athraithe clúdíní, níos álainn agus súgartha ar fáil; cabhraíonn le scileanna sóisialta linbh; ní mór caighdeán sábháilteachta agus sláinteachais a choimeád agus seiceálann FSS iad sin; is leor an cóimheas cúramóirí le leanaí lena chinntiú go bhfaighidh an leanbh aire agus aird cheart; tugann ionaid phobalbhunaithe tús áite do leanaí i ngátar; etc.

Scoil Montessori: reáchtáiltear iad go príobháideach de ghnáth; soláthraíonn oideachas suas go dtí 7 mbliana; á rith ag múinteoirí atá oilte in oideachas Montessori; foghlaimíonn leanaí trí shúgradh; tá ábhar teagaisc agus bréagáin speisialta ar fáil; etc.

Naíonraí; naíolanna; etc.

- (ii) Pléigh trí bhuntáiste do leanaí óga a bhaineann le freastal ar réamhscoil. (15)

3 bhuntáiste @ 5 mharc an ceann

Sóisialta - foghlaim chun idirghníomhú le leanaí eile – súgradh etc.; foirm le caidreamh le leanaí eile; éirí neamhspleách agus muiníneach; forbairt go fisiceach trí chluichí a imirt; comhordú lámh is súl a fhorbairt; cabhair d'fhorbairt intleachtach trí bheith ag foghlaim i dtimpeallacht spreagthach; ullmhúchán maith le haghaidh na bunscoile; foghlaim chun caidrimh a dhéanamh lasmuigh den bhaile; cuirtear borradh faoina bhforbairt intleachtúil; etc



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin a **shlánú síos**.

Tábla 320 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthrata an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthrata i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
241 - 243	23
244 - 246	22
247 - 250	21
251 - 253	20
254 - 256	19
257 - 260	18
261 - 263	17
264 - 266	16
267 - 270	15
271 - 273	14
274 - 276	13
277 - 280	12

Bunmharc	Marc Bónais
281 - 283	11
284 - 286	10
287 - 290	9
291 - 293	8
294 - 296	7
297 - 300	6
301 - 303	5
304 - 306	4
307 - 310	3
311 - 313	2
314 - 316	1
317 - 320	0

Leathanach Bán



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH, 2017

AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

**EACNAMAÍOCHT BHAILE –
EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA
OBAIR CHÚRSA SA STAIDÉAR BIA**

Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

Fiosrúchán: Anailís/Taighde – 32 mharc

Taighde agus anailís

= 24

Banda A 19 - 24 mharc (an-mhaith - ar fheabhas)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc
- atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda B 13 - 18 marc (an-ábailta - go maith)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus roinnt **anailíse** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda C 7 - 12 mharc (bunúsach - ábalta)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda D 0 - 6 mharc (an-bhunúsach - teoranta)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise ar **thuiscint an-bhunúsach teoranta** ar phríomhriachtanais an taisc
- ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Gach Tasc: biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge

= 4

Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear -1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.

(biachlár – cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc)

béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán

Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia

Foinsí: 2 fhoinse @ 2 mharc an ceann

= 4

Ullmhúchán agus Pleanáil - 8 marc

Acmhainní:

- comhábhair (2 mharc), cainníochtaí (2 mharc), costáil (2 mharc), trealamh (2 mharc) = 8
- AOP E – táirge/táirgí (4 mharc), trealamh (4 mharc)

Cuir i bhFeidhm - 28 marc

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta/teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú = 16
(Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)

Banda A 13 - 16 mharc (an-mhaith - ar fheabhas)

Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Banda B 9 - 12 mharc (an-ábaltá - go maith)

Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Banda C 5 - 8 marc (bunúsach - ábaltá)

Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Banda D 1 - 4 mharc (an-bhunúsach - teoranta)

Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh 2 phointe @ 4 mharc an ceann = 8
(caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)
Aithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) **dhá** chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias

Sábháilteacht/sláinteachas 2 phointe @ 2 mharc an ceann = 4
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)
Aithint (1) agus míniú (1) ar príomh-shaincheist sábháilteachta **amháin agus an phríomh-shaincheist amháin** a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh

Measúnú - 12 marc

3 phointe @ 4 mharc an ceann = 12

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas:

Cur i bhfeidhm

Banda A – 4 mharc – aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshlain sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil

Banda B – 3 mharc - aithníodh láidreachtaí/dúshlain sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil

Banda C – 2 mharc – rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshlain a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil

Sainriachtanais an taisc

Banda A – 4 mharc – tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc

Banda B – 3 mharc – tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc

Banda C – 2 mharc – déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc

Réimse Cleachtais A: Feidhmiú Prionsabail Chothaithe

Tasc 1

Tréimse d'fhás tapa iad na luathbhlianta i saol duine agus tá réim shláintiúil bia fíor-riachtanach don ghnáthfhorbairt. Is le linn na tréimhe seo a bhunaítear nósanna itheacháin agus roghanna bia leanaí.

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do leanaí idir dhá bhliain d'aois agus cúig bliana d'aois. Bíodh tagairt agat do na mionathruithe is cóir a dhéanamh ar mhiasa lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do leanaí óga.

Agus tú ag cuimhneamh ar na tosca sin, mol biachlár do lá **amháin** (trí bhéile agus sneaiceanna) a bheadh oiriúnach do leanaí san aoisghrúpa seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- riachtanais aiste bia/chothúcháin ag féachaint go sonrach do **leanaí atá idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois**.
- treoirlínte ábhartha pleanála béilí ag féachaint go sonrach do **leanaí atá idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois**.
- modhnuithe ar ceart iad a dhéanamh ar mhiasa chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do leanaí óga.
- biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile agus sneaiceanna)
- mias an phríomhchúrsa a roghnaítear mar phríomhbhéile an lae.

Fiosrúchán

Riachtanais aiste bia/chothúcháin: cothroime chothúcháin; méadaíonn fás fisiciúil an gá le hiontógáil na gcothaitheach go léir; riachtanais laethúla maidir le macra-/micrea-chothaithigh, lena n-áirítear riachtanais phróitéine/charbaihidráite/saille/iarainn/chailciam, de réir mar is cuí do leanaí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois, mar aon le cúiseanna le hathruithe féideartha; neart snáithín; ionsú Vitimín C/iarainn; ionsú Vitimín D/cailciam; cóimheá fuinnimh vis à vis leibhéil ghníomhaíochta; treoirlínte reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; etc.

Treoirlínte maidir le hullmhú béilí: bain úsáid as pirimid an bhia chun cothromaíocht a chinntiú; dáileadh a mholtar – gránaigh (4), torthaí agus glasraí (2-4), bia próitéine (1), bia déiríochta (1); ith trí bhéile cothromaithe ar a laghad gach lá; ná fág amanna béile ar lár; éagsúlacht bianna; nithe a thaitníonn, agus nach dtaitníonn, le duine; roghnaigh bia séasúrach; seachain smailcbhianna mífholláine i.e. bianna ina bhfuil ardleibhéal salainn, saille agus siúcra, bianna spíosracha; bíodh leite/muesli ann in ionad gránach próiseáilte bricfeasta; is ceart béilí a bheith tarraingteach agus dathannach chun leanaí a spreagadh an bia a ithe; ní ceart sciartha a bheith rómhór; seachain salann a chur isteach le linn na cócaireachta; roghnaigh feoil thrua; cuir teorainn leis an méid bianna próiseáilte a itear mar go mbíonn ardleibhéal saille, salainn agus siúcra iontu sin de ghnáth; is ceart go mbeadh sé éasca an bia a chogaint agus a dhíleá; bain úsáid as anlann chun feoil a bhogadh; leachtaigh glasraí in éineacht le feoil & anlann; roghnaigh bianna atá inláimhseáilte go héasca; úsáid uisce agus bainne in ionad deochanna siúcra; tabhair béilí ag tráthanna rialta le go mbeidh a fhios ag leanaí cén uair is ceart a bheith ag súil le bia; cuir méaróga bia ar fáil - chun ligean do leanaí óga iad féin a bheathú; etc.

Modhnuithe: Bíodh foinsí phróitéin HBV ann agus iad indléáite go héasca e.g. sicín/uibheacha; bíodh foinsí LBV ann e.g. pónairí/lintilí, chomh maith le foinse mhaith snáithín; cuir torthaí in éineacht le gránaigh bhricfeasta/milseoga agus iógart – cailciam agus próitéin HBV; úsáid gránaigh lánghráin – a thugann scaoileadh mall fuinnimh in ionad CHO mínphróiseáilte; cuir glasraí breise isteach i miasa chun dath, snáithín agus vitimíní a chur leo; laghdaigh an méid siúcra atá ann in oidis – cuir isteach torthaí mar mhilsitheoir; bíodh iasc olúil ann, mar aon le cnónna/síolta chun EFA/ASR agus óimige 3 a chur ar fáil; bíodh foinsí cailciam ann e.g. cáis/iógart; bain úsáid as abhacád agus humas mar mhalairt ar leatháin agus ar mhargairín; bain úsáid as olaí éagsúla glasraí agus síolta le linn bianna a ullmhú; úsáid malairtí níos sláintiúla in ionad ime, mar shampla, olaí canóla, lus na gréine, olóige agus seasamain; bain na cnámha amach as iasc; grátáil glasraí; cur i láthair an bhia - sciartha aonair; cruthanna bia; etc.

Na miasa a roghnaítear

- biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile agus sneaiceanna)
- ní mór cloí le riachtanais chothúcháin leanaí atá idir 2 bhliain agus 5 bliana d'aois
- ní mór mias príomhchúrsa a bheith ann.

Measúnú (sainriachtanais an taisc)

Anailís ar chinntí maidir leis na riachtanais chothúcháin a bhaineann le raon mias/béilí do leanaí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois. Treoirlínte pleanála béile – raon mias/béilí atá oiriúnach do leanaí 2-5 bliana d'aois etc., an tslí ina bhfuil an mhias a roghnaítear i gcomhréir leis na riachtanais a shainaithnítear san fhiosrúchán; etc.

Tasc 2

Is í an uireasa iarainn an uireasa mianraí is coitianta ar fud an domhain, agus is iad na mná agus na leanaí is mó a mbíonn sí orthu. (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2015)

Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, sainaithin agus pléigh **(i)** na cúiseanna agus **(ii)** na hiarmhairtí a bhaineann le hainéime uireasa iarainn.

Fiosraigh agus dean mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil dóibh siúd ar mian leo cur leis an méid iarainn a bhíonn acu ina reim bia.

Agus na tosca atá aitheanta agat i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol réimse biachlár (cúrsaí tosaigh agus príomhchúrsaí) a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile an lae don ghrúpa seo daoine.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na príomhchúrsaí a d'fhiosraigh tú.

Deán an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- na cúiseanna le hainéime easnaimh iarainn
- na héifeachtaí a ghabhann le hainéime easnaimh iarainn
- na riachtanais aiste bia/chothúcháin agus aird ar leith á tabhairt **ar mhná agus leanaí**
- na treoirlínte ábhartha pleanála bia agus aird ar leith á tabhairt **ar mhná agus leanaí**
- raon biachlár (cúrsaí tosaigh agus príomhchúrsaí)
- an mias phríomhchúrsa a roghnaítear.

Fiosrúchán

Na cúiseanna le hainéime easnaimh iarainn: aiste bia neamhchothrom; easpa vitimín C; an iomarca snáithín san aiste bia; tainnin i dtae, i gcaife agus i gcócó; aigéad fíteach i ngránaigh agus i bpiseánaigh; aigéad ocsalach i nglasraí; laghdaíonn an luibh oragán ionsú; aistí bia nach ndéantar faireachán maith orthu i.e. aistí bia veigeatórach/laghdaíthe meáchain; riochtaí sláinte e.g. is féidir le galar céiliach laghdú a dhéanamh ar an méid iarainn a ionsúitear; cailleadh iomarcach fola tar éis máinliachta, míostrú; tinneas – gan bheith in ann iarann a ionsú; daoine atá éisealach faoin mbia a itheann siad; deacracht maidir le bia sláintiúil ina bhfuil ardleibhéal iarainn a aimsiú; aistí bia veigeatóra ós rud é gur fusa iarann a ionsú ó fhoinsí feola ná mar atá fíor i gcás iarann a ionsú ó ghlásraí; d'fhéadfadh sé go mbeidh naíonáin easnamhach má ólann siad an iomarca bainne bó agus má itheann siad líon beag bianna ina bhfuil ardleibhéal iarainn e.g. feoil dhearg agus glasraí glasa duilleacha; etc.

Na héifeachtaí a ghabhann le hainéime easnaimh iarainn: tuirse, greannaitheacht, marbhántacht, easpa ó thaobh aird a dhíriú ar ábhar, tinnis cinn, rith croí, giorra anála, meadhrán, craiceann míltheach, laige, tuirse matáin, tirimeacht sa bhéal/scornach, cneácha béil, gruaig shobhriste/ingne sobhriste; etc.

Riachtanais aiste bia/chothúcháin: cothromaíocht chothúcháin; riachtanais laethúla maidir le macra-/micrea-chothaithigh lena n-áirítear riachtanais maidir le próitéin/cho/saill/iarann/cailciam de réir mar is cuí; ardleibhéal snáithín; ionsú Vitimín C/iarainn; ionsú Vitimín D/cailciam; treoirlínte reatha cothúcháin maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; eolas faoi bhianna iarainn haeim agus neamh-haeim; etc.

Treoirlínte maidir le hullmhú béilí: bain úsáid as pirimid an bhia chun béilí cothromaithe a chinntiú; ith trí bhéile cothromaithe rialta gach lá; is ceart gránach treisithe bricfeasta a bheith ann sa bhricfeasta; ith raon leathan torthaí agus glasraí éagsúla; méadaigh iontógáil bianna ina bhfuil ardleibhéal iarainn agus Vitimín C chun iarann a ionsú; is fusa iarann haeim ó fhoinsé ainmhíoch a ionsú ná mar is fíor i ndáil le foinsí plandúla neamh-haeim; ith bianna iarainn haeim agus neamh-haeim in éineacht lena chéile; ní ceart bianna ina bhfuil aigéad fíteach agus aigéad ocsalach a ithe ag an tráth céanna le bianna ina bhfuil ardleibhéal iarainn; seachain bianna ina bhfuil ardleibhéal salainn agus siúcra i.e. bianna próiseáilte; roghnaigh táirgí íseal-saille ina bhfuil saillte il-neamhsháithithe; seachain bianna carbaihiodráite mínphróiseáilte, cuir bianna caiscín ina n-ionad; seachain an iomarca snáithín san aiste bia; etc.

- Na miasa a roghnaítear**
- biachláir do phríomhbhéile an lae (cúrsaí tosaigh agus príomhchúrsaí)
 - is ceart na riachtanais chothúcháin a chomhlíonadh de réir mar a shainaithnítear chun méadú a dhéanamh ar an iontógáil iarainn
 - ní mór príomhchúrsa a bheith ann

Measúnú (sainriachtanais an taisc)

Anailís ar chinntí maidir leis an méid atá foghlamtha agat ón bhfiosrúchán faoi bhainistiú aiste bia do mhná agus do leanaí chun méadú a dhéanamh ar iontógáil iarainn; fachtóirí ar ceart iad a bhreithniú le linn béilí a phleanáil lena chinntiú go bhfuil leordhóthanacht chothúcháin ann; na bianna atá oiriúnach/mí-oiriúnach; na gnéithe speisialta de phleanáil béilí nach mór iad a bhreithniú; an tslí ina gcomhlíonann an mhias a roghnaítear na riachtanais mar atá sainaitheanta san fhiosrúchán; etc.

Is gá do thomhaltóirí a bheith ar an eolas faoi chleachtais sábháilteachta bia nuair a cheannaíonn, nuair a stóráilann agus nuair a ullmhaíonn said bia. Ba chóir go mbeadh eolas acu faoi na guaiseacha (contúirtí) coitianta i dtaca le sábháilteacht bia agus conas sábháilteacht bia a bhainistiú.

Déan taighde orthu seo a leanas:

- an tábhacht don tomhaltóir a bhaineann le sábháilteachta bia
- na guaiseacha coiteanna i dtaca le sábháilteacht bia
- cleachtais lena chinntiú go bhfuil bia sábháilte le hithe
- miasa inar gá cloí go speisialta le chleachtais shábháilteachta bia.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na miasa ó de chuid taighde.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le measúnú criticiúil ar an mhias chócaráilte agus **(b)** le conas a chinntigh na cleachtais sábháilteachta bia ar cloíodh leo go raibh an mhias sábháilte le hithe.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- tábhacht sábháilteachta bia don tomhaltóir
- guaiseacha coiteanna sábháilteachta bia
- cleachtais atá le cur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil bia sábháilte lena ithe
- miasa nach mór aird speisialta a thabhairt ar chleachtais shábháilte bhia ina leith
- an mhias a roghnaítear

Fiosrúchán

Tábhacht sábháilteachta bia don tomhaltóir: cinntítear nach bhfuil bia éillithe le baictéir, seadáin, víris, tocsainí agus ceimiceáin a d'fhéadfadh a bheith díobhálach; cuirtear cosc ar iolrú baictéar; tugtar cabhair maidir le díothú baictéar díobhálach; cinntítear nach bhfuil an bia a ithimid ina chúis le galar; etc.

Guaiseacha coiteanna sábháilteachta bia: **Ceimiceach:** e.g. táirgí glantacháin, lotnaidicídí; etc. **Fisiciúil:** e.g. nithe coimhthíocha - codanna d'innealra/plástair/ribí gruaige etc. a thiteann isteach i dtáirgí le linn iad a mhonarú; etc. **Miocróbach:** éilliú ó bhaictéir; tá tréithchineálacha pataigineacha ina gcúis le tinneas i measc daoine, d'fhéadfadh deacracht a bheith ag baint lena mbrath e.g. campalabaictéar, salmonella; tá baictéir millte ina cúis le lobhadh nó meath bia agus is féidir na comharthaí orthu a bhrath go réidh; díreach – feoil amh i dteagmháil le táirgí atá réidh lena n-ithe; neamhdhíreach – úsáid a bhaint as an scian chéanna chun feoil amh agus táirgí atá réidh lena n-ithe a ghearradh; éilliú aeriompartha – sraothartach os cionn bia; etc.

Cleachtais a chinntíonn go bhfuil bia sábháilte lena ithe: **Ceannach:** ceannaigh bia ó fhoinsé iontaoifa; pacáistiú gan damáiste; an dath ceart/an boladh ceart/an chuma cheart; seiceáil an bhfuil fás múscáin ann; seiceáil na dátaí 'ar fearr rompu', stampaí deimhnithe cáilíochta; etc. **Stóráil:** stóráil bia amh ar leithligh ó bhia cócaráilte/réidh le hithe/ullmhaithe; rothlaigh an stoc; bia a choimeád i gcuiseoir – an áit cheart sa chuisneoir e.g. feoil ar an tseilf íochtair; teochtaí 0-5°C; ná coinnigh an iomarca earraí sa chuisneoir; díreoigh agus glan an cuisneoir go tráthrialta; coinnigh na doirse dúnta chun an teocht cheart a choimeád ann; stóráil bia reoite ag teocht faoi bhun -18°C; cuir táirgí damáistithe de láimh chun éilliú táirgí eile a sheachaint; stóráil earraí tirime in áiteanna glana dea-aerithe; stóráil bianna ar sheilfeanna os cionn leibhéal na talún; ní mór coimeádáin stórála a bheith clúdaithe; is ceart ábhair ghlantacháin a stóráil in áit ar leithligh; etc. **Ullmhúchán:** sláinteachas pearsanta – caith éadaí seachtracha atá glan agus cosantach, nigh do lámha, bíodh do chuid gruaige faoi smacht, ná caith tobac, ná déan casacht/sraothartach os cionn bia; bí cinnte go bhfuil an trealamh glan; bain úsáid as cláir mionghearrtha dathchódaithe; déan a laghad láimhseála agus is féidir ar bhia; díreoigh bianna reoite go hiomlán; bíodh ionaid ar leithligh oibre agus uirlisí/trealamh ar leithligh ann d'iasc, d'fheoil agus do ghlasraí/shailéid; nigh an bia i ndoirteal ullmhaithe bia ar leith; cócaráil bianna go dtí croítheocht íosta 75°C; coinnigh bianna teo os cionn 63°C; atéigh bianna go croítheocht íosta 70°C; ní mór bia te a sheirbheáil laistigh de 90 nóiméad ón tráth a chócaráiltear é; ná hatéigh bianna ach aon uair amháin; fuaigh bianna go tapa; ní mór bia fuar a choinneáil faoi bhun 5°C; HACCP – ceannach, ullmhú agus stóráil bia; bianna ardriosca, ísealriosca; etc.

Miasa nach mór aird speisialta a thabhairt ar chleachtais shábháilte bhia ina leith:

An mhias a roghnaítear - is ceart go gcomhlíonfaidh an mhias a roghnaítear na ceanglais a shainithnítear

Measúnú (mar atá sonraithe sa tasc)

(a) meastóireacht chriticiúil ar an mias a chócaráiltear **(b)** anailís ar chinntí maidir le cad a d'fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán maidir leis an tslí inar chinntigh na cleachtais shábháilte bhia ar cloíodh leo go raibh an mhias sábháilte lena hithe.

Is in Éirinn atá an 3ú ráta ite uachtair reoite is mó san Eoraip, in aghaidh an duine. (An Bord Bia)

Déan taighde ar **dhá chineál** uachtair reoite a tháirgtear ar bhonn tráchtála (ceann soar agus ceann costasach / só-earra). Bíodh tagairt agat don bhranda, do na chomhábhair, don eolas cothaithe, don chostas agus don phacáistiú. Fiosraigh **dhá** mhodh éagsúla chun uachtar reoite a dhéanamh sa bhaile agus mínigh an bunphrionsabal sa dá chás. Bain úsáid as ceann de na modhanna a d'fhiosraigh tú chun uachtair reoite **amháin** a ullmhú agus a dhéanamh. Bhíodh mionsonraí san áireamh agat maidir leis an gcineál pacáistithe a mholfa leis an uachtar reoite a stóráil sa reoiteoir.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú, **(b)** lena phraiticiúlacht agus **(c)** leis an gcostas i gcomparáid le huachtar reoite tráchtála den chineál céanna.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- déan taighde faoi **dhá chineál** uachtair reoite a ullmhaítear ar bhonn tráchtála (cineál amháin barainne agus sóchineál/préimhchineál amháin) - déan tagairt do bhranda, do chomhábhair, d'fhaisnéis chothúcháin, do chostas agus do phacáistiú
- déan fiosrúchán faoi **dhá** mhodh éagsúla chun uachtar reoite a dhéanamh agus faoin mbunphrionsabal i ngach cás
- pacáistiú atá oiriúnach do stóráil i reoiteoir
- an t-uachtar reoite a roghnaítear

Fiosrúchán

Déan taighde faoi dhá chineál uachtair reoite a ullmhaítear ar bhonn tráchtála (cineál amháin barainne agus sóchineál/préimhchineál amháin)

Brandaí: HB, Haagen Dazs, Carte D'Or, Ben and Jerry's, Darina Allen, Walls, Weightwatchers, Nestlé, Murphy's, Tipperary Organic, Dairyglen, uachtair reoite féinbhranda; etc. **Comhábhair:** uachtar, bainne bearrtha, solaid mheidhg, bainne comhdhlúite, bainne cnó cócó, siúcra, glúcós, síoróip arbhair, buíocán uibhe, olaí plandúla (cnó cócó, lus na gréine, pailm), síoróip fruchtóis, im chócó, cobhsaitheoirí, stáirse arbhair/ararút, guma guair, blasóirí; neachtar agáibhe (milsitheoir atá cabhrach maidir le cosc a chur ar fhoirmiú criostal oighir agus uachtar reoite mín a bhíonn ann dá bharr); etc. **Faisnéis chothúcháin:** saill sháithithe, tras-sailleanna, sóidiam, carbaihiodráit, siúcra, snáithín, próitéin; etc. **Costas:** cineál barainne €1.50 - €3; sóchineál/préimhchineál €5 - €7.50; **Pacáistiú:** tobáin phlaisteacha, brú-thobáin, cairtchlár, cartáin/tobáin céarach, fillteán céarach/scragaill; etc.

Modhanna chun uachtar reoite a dhéanamh agus an bunphrionsabal i ngach cás:

Custard: téachtadh – téachtann an phróitéin uibhe nuair a théitear í agus tiubhaíonn sí an meascán; scaoiltear na slabhraí próitéine, éiríonn siad díreach agus ceanglaíonn siad dá chéile thart ar phócaí beaga uisce; má dhéantar róchócaráil bailíonn an phróitéin uibhe le chéile rud a bhrúnn amach aon uisce atá ann agus tarlaíonn treamhnú dá bharr sin; cuireann siúcra le blastacht agus feabhsaíonn sé an uigeacht; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; coiptear an t-uachtar agus cuirtear isteach é ar mhaithe le héadroime; etc. **Aerú:** déantar gealacáin uibhe agus siúcra a ghreadadh **chun aer a chur isteach** iontu, buailtear aer isteach san uachtar chun an meascán a éadromú agus toirt a mhéadú; úsáidtear geilitín chun an meascán a théachtadh; is féidir é a chócaráil nó gan é a chócaráil; déantar greadadh ar mhaithe le huigeacht chothrom; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; etc. **Glóthach:** úsáidtear geilitín chun glóthach a dhéanamh ós rud é go **n-ionsúnn sé** cainníochtaí móra uisce; nuair a théitear déantar leacht, ar a dtugtar sol, den glóthach; nuair a fhuaítear déantar solad den sol rud a thiubhaíonn an meascán uachtair reoite; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; etc.

Buíocán uibhe agus síoróip reoite (mousse): déantar síoróip reoite a bhlaistiú le súnna torthaí agus/nó le purée torthaí, déantar **aerú** le gealacáin uibhe; coimeádann an geilitín an meascán le chéile chun é a dhéanamh éadrom; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; etc.

Déantóir uachtair reoite (modh cuinneoige); **modh láimhe** (modh socair); etc.

Pacáistiú oiriúnach chun uachtar reoite a stóráil i reoiteoir: coimeádáin phlaisteacha, coimeádáin scragaill, raimicíní do sciartha ar leithligh; cartáin chairtchláir céarach de mhéideanna éagsúla; etc.

Mura ndéantar aon fiosrúchán faoi phacáistiú ar mhaithe le stóráil i reoiteoir – asbhain 3 mharc

An mhias a roghnaítear – uachtar reoite amháin agus úsáid á baint as na modhanna a ndearnadh fiosrúchán fúthu.

Measúnú (mar atá sonraithe sa tasc)

(b) Infheidhmitheacht maidir le déanamh an uachtair reoite – saincheisteanna maidir le hacmhainní – am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil; etc. **(c) Cost-éifeachtacht** maidir le déanamh an uachtair reoite a roghnaítear i gcomparáid le táirge tráchtála de cháilíocht den chineál céanna.

Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh inti

Tasc 5

Bíonn an-tóir ar phíotsaí a tháirgtear ar bhonn tráchtála mar gheall ar chomh háisiúil agus atá said agus mar gheall ar an réimse leathan díobh atá ar fáil.

Déan taighde ar na cineálacha éagsúla píotsa atá ar fáil (i.e. brandaí, saghsanna, costas).

Cócaráil trí phíotsa a táirgeadh ar bhonn tráchtála. Ba chóir go mbeadh na barráin chéanna ar na píotsaí go léir agus an tiús céanna iontu go léir ach ba chóir go mbeadh na brandaí difriúil.

Déan **tástáil rangaithe roghnachais** chun a fháil amach cén píotsa is rogha le daoine i do ghrúpa féin.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis na torthaí tástála a fuarthas.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- déan taighde faoi na cineálacha éagsúla píotsaí atá ar fáil (i.e. brandaí, cineálacha, costas)
- **tástáil rangaithe roghnachais**
- na dtosca atá le rialú le linn na tástála
- an **táirge a roghnaíonn tú**

Fiosrúchán

= 24

- Taighde/Imscrúdú faoi tháirgí a oireann don tástáil
i.e. déan taighde faoi na cineálacha éagsúla píotsaí atá ar fáil i.e. brandaí, cineálacha, costas; etc.

- **Tástáil Rangaithe Roghnachais**

Cur Síos: tugtar líon áirithe samplaí códaithe don tástálaí, rangaíonn an tástálaí na samplaí san ord tosaíochta; etc.

Aidhm na tástála: a fháil amach cén ceann de na trí bhranda píotsaí is fearr le tástálaithe; etc.

Torthaí a mbeifí ag suil leo: ord tosaíochta a shannadh do na samplaí de réir thosaíochtaí na ndaoine.

Aithint na dtosca atá le rialú le linn na tástála

Tosca a bhaineann go sonrach leis an tasc e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán a úsáidtear i gcomhair tástála; teocht an tsampla; cainníochtaí comhchosúla i ngach sampla ar leith; códú na samplaí; sláinteachas; tráthú; an áit ina ndéantar an tástáil; nithe a bhaineann le haiste bia; etc.

- **An mhias/táirge a roghnaítear**
Na táirgí a roghnaítear

= 4

Foinsí: 2 foinsí @ 2 mharc an ceann

= 4

Ullmhú agus Pleanáil

- Acmhainní
- An príomhthrealamh atá ag teastáil chun an tasc a chur i gcrích

= 8

Tástáil Rangaithe Roghnachais: 6 thráidire, 6 ghloine uisce, 18 gcoimeádán chódaithe, 6 shampla de Bhia A, 6 shampla de Bhia B, 6 shampla de Bhia C, 6 scórchárta, leathán taifeadta, peann; etc.

Cur i bhfeidhm

= 16

An nós imeachta a ndéantar dá réir le linn an chuid seo den tasc a chur i gcrích

Is ceart ord iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt agus is ceart torthaí a chur i láthair don tástáil i.e.

Tástáil Rangaithe Roghnachais (trí tháirge)

Cócaráil na trí píotsa

Códaigh 18 gcoimeádán, 6 cinn díobh agus an tsiombail □ orthu, 6 cinn díobh agus an tsiombail ◇ orthu, agus 6 cinn díobh agus an tsiombail ○ orthu; cuir na samplaí den píotsa isteach i ngach coimeádán ar leith; socraigh 6

thráidire agus iad uimhrithe 1-6 agus beidh coimeádán amháin atá lipéadaithe leis an tsiombail □, coimeádán amháin atá lipéadaithe leis an tsiombail ◇, agus coimeádán amháin atá lipéadaithe leis an tsiombail ○ ar gach tráidire ar leith; déanann tástálaithe de réir na dtreoracha ar an scórchárta; blaiseann siad gach sampla; léiríonn siad ord tosaíochta trí 1ú rogha a chur in aice leis an gceann is fearr leo, 2ú rogha in aice leis an gcéad rogha eile, 3ú rogha in aice leis an gceann is lú tosaíocht; bailíonn an taifeadóir na scórchártaí agus aistrítear na torthaí chuig leathán taifead réamhullmhaithe; tabhair luach do gach rogha e.g. 1ú rogha (3 phointe), 2ú rogha (2 phointe), 3ú rogha (1 phointe); nuair atá na torthaí á dtaifeadadh ríomh an scór do gach táirge ar leith – iolraigh an líon ticeanna i ngach bosca ar an scór atá sannta don rogha sin; nochtar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir na torthaí a chur i láthair ar bharrachairt/phíchairt/thábla; déan slachtú agus níochán; etc.

- **Na príomhthosca a cuireadh san áireamh (aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann) = 8**

I measc na bpríomhfachtóirí ar féidir iad a bhreithniú chun rath a chinntiú sa tasc seo, áirítear an méid seo a leanas - na dálaí a **rialaithear** le linn na tástála - códú; an táirge a úsáidtear a roghnú; teocht an tsampla; aonfhoirmeacht na samplaí atá le tástáil; méideanna dóthanacha; gloine uisce/nó brioscóg thirim ann chun an carball a ghlanadh; tábhacht an chiúnais le linn na tástála; bíodh na cóid mar an gcéanna ar gach tráidire; níor cheart go spreagfadh na cóid aon chlaonadh i measc na dtástálaithe; níor cheart go mbeadh na daoine atá ag tástáil ag plé leis an gcódú ná le socrú na samplaí nó le cur na dtorthaí i dtoll a chéile; etc.

(na príomhthosca – ní mór baint a bheith ag ceann amháin acu leis an tástáil a dhéantar)

- **Sábháilteacht agus sláinteachas (fachtóir sábháilteachta amháin @ 2 mharc + fachtóir sláinteachais amháin @ 2 mharc) = 4**

Sábháilteacht: tástálaithe ag a bhfuil ailléirgí – táirge ina bhfuil cnónna etc.; aistí bia speisialta e.g. céiliach etc.; táirgí ina bhfuil breiseáin/E-uimhreacha; etc.

Cleachtas maith **sláinteachais** maidir leis an limistéar ullmhúcháin agus maidir leis an limistéar tástála; samplaí a láimhseáil - miotóga plaisteacha/gloiní indiúscartha a úsáid; etc.

Measúnú (3 phointe @ 4 mharc an ceann) = 12

- **Cur i bhfeidhm**

Na nósanna imeachta tástála a úsáideadh; na príomhfachtóirí le linn an tástáil a dhéanamh; saincheistean na sábháilteachta agus sláinteachais a breithníodh; fadhbanna a tháinig chun cinn agus na réitigh a moladh; measúnú ar éifeachtúlacht ord na hoibre; etc.

- **Sainriachtanais an taisc**

Is ceart do na mic léinn measúnú a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear ón Tástáil Rangaithe Roghnachais agus roinnt conclúidí a tharraingt.

Is ceart anailísiú a dhéanamh ar na fachtóirí a d'fhéadfadh baint a bheith acu le torthaí na tástála.

Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon **cheithre** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú.
2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.
3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as **measúnú an chur i bhfeidhm**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6, dícheadófar **measúnú ar shainriachtanais** freisin.
4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as **measúnú ar shainriachtanais an taisc**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
5. **Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán**, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.
6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach **beagán scileanna próiseála** – marc *pro rata*.
7. **Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán leis na riachtanais**, e.g.
 - Mias **gan chócaráil** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte
 - Mias **nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc** – Tasc 2
 - **An modh a fiosaíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh** – Tasc 4
 - Mias roghnaithe ina mbaintear **ró-úsáid as bianna áise****Bain – 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.**
8. Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc, e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

N.B.: *Ní mór gach cás a sheiceáil leis an scrúdaitheoir comhairleach sula gcuirtear i bhfeidhm iad.*

Nuair atá cás á chur i bhfeidhm agat, léirigh sin trí mharcanna S. 7 - 8 a chur leis an tuairim ábhartha ag tús an taisc.

Leathanach Bán

